Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11867/26**

**EDUC 331**
**SOC 493**
**EMPL 277**
**JEUN 196**
**COMPET 955**
**ECOFIN 1005**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 363 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 363 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 363 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.7.2026
COM(2026) 363 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht**

{SWD(2026) 181 final}

GA GA

## 1. Réamhrá - cuspóir, raon feidhme agus modheolaíocht na tuarascála

**Bhí ról tábhachtach thar na blianta ag an gcomhar sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint ar an leibhéal Eorpach, i gcomhréir le hAirteagail 165 agus 166 CFAE.** Le Moladh 2020 ón gComhairle maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint le haghaidh an iomaíochais inbhuanaithe, na cothroime sóisialta agus na hathléimneachta (dá ngairtear: 'Moladh 2020 ón gComhairle maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint' anseo feasta), leagtar amach fís le haghaidh an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna ina bhfuil prionsabail athchóirithe fhadtéarmaigh ábhartha. Le Dearbhú Osnabrück, a glacadh i mí na Samhna 2020 mar chuid de phróiseas Chóbanhávan, comhlánaíodh Moladh 2020 ón gComhairle maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint le gníomhaíochtaí níos coincréití agus níos gearrthéarmaí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon. Bhí sé d'aidhm shonrach aige an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint a nuachóiriú trína áirithiú go ndéanfaí é a oiriúnú go mear do riachtanais an mhargaidh saothair, trí sholúbthacht conairí foghlama a fheabhsú, agus trí fhoghlaimeoirí a ullmhú don aistriú glas agus don aistriú digiteach. Le Moladh 2020 ón gComhairle maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint, in éineacht le Dearbhú Osnabrück, socraíodh creat beartais gairmoideachais agus gairmoiliúna an Aontais le haghaidh na tréimhse 2020-2025, in éineacht le doiciméid agus beartais straitéiseacha eile, amhail an Plean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, an Clár Oibre Eorpach um Scileanna, an Deacáid Dhigiteach agus an Limistéar Eorpach Oideachais (LEO).

Le Moladh 2020 ón gComhairle maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint, cumhdaítear na tosaíochtaí seo a leanas:

- An gairmoideachas agus an ghairmoiliúint a bheith solúbtha maidir le hoiriúnú d'athruithe ar an margadh saothair,
- Solúbthachta agus deiseanna dul chun cinn a bheith i gcroílár an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna,
- An gairmoideachas agus an ghairmoiliúint a bheith ina spreagadh don nuálaíocht agus don fhás lena n-ullmhaítear foghlaimeoirí don aistriú digiteach agus don aistriú glas, mar aon le gairmeacha a bhfuil éileamh mór orthu,
- An gairmoideachas agus an ghairmoiliúint a bheith ina rogha tharraingteach bunaithe ar sholáthar nua-aimseartha digitithe oiliúna agus scileanna,
- An gairmoideachas agus an ghairmoiliúint lena gcuirtear comhionannas deiseanna chun cinn,
- Cultúr dearbhaithe cáilíochta a bheith mar bhonn taca faoin ngairmoideachas agus faoin ngairmoiliúint.

**Luíonn tosaíochtaí Mholadh 2020 ón gComhairle maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint le hollstruchtúr beartais níos leithne lena nasctar an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint leis an bhfostaíocht, leis an bhforbairt eacnamaíoch agus leis an iomaíochas, agus is minic a bhíonn cur chuige earnála i gceist leo.** Cuirtear i dtábhacht go

sainráite le tuarascáil bhliantúil 2026 maidir leis an margadh aonair agus an iomaíochas[1] go bhfuil sé fíor-riachtanach forbairt scileanna a chothú, lena n-áirítear trí ghairmoiliúint, chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair. Ó bhí 2020 ann, tá géarú tagtha ar ghanntanais saothair agus scileanna in earnálacha atá nasctha le cláir ghairmoiliúna amhail tógáil, iompar, cúram sláinte, monaraíocht, teicneolaíochtaí glana agus cosaint, rud a fhágann go bhfuil an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint níos tábhachtaí fós maidir leis na scileanna is gá sa mhargadh saothair a sholáthar. Ar fud na n-earnálacha, tá dúshláin a bhaineann le scileanna ar cheann de na bacainní ar fhás a shainaithin FBManna, agus tá an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint ríthábhachtach chun na scileanna a theastaíonn ó chuideachtaí Eorpacha chun go mbeidh rath orthu a sholáthar.

De réir thuarascáil EURES 2024 maidir le ganntanais agus barrachais lucht saothair, tá cáilíochtaí gairmiúla de dhíth ar naoi gcinn as gach deich gcinn de na príomhghairmeacha ina bhfuil ganntanas san Aontas[2]. Dá bhrí sin, léirítear tábhacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna i roinnt beartas de chuid an Aontais. Tá cláir ghairmoideachais agus ghairmoiliúna agus printíseachtaí lárnach do straitéisí scileanna earnála faoin gComhshocrú um Scileanna le haghaidh réimsí amhail monaraíocht, tógáil, turasóireacht, fuinneamh inbhuanaithe agus na hearnálacha digiteacha[3]. Ar an gcaoi chéanna, eagraíonn an Comhaontas Eorpach do Phrintíseachtaí gníomhaíochtaí chun tacú le hearnálacha eacnamaíocha (e.g. tógáil, turasóireacht agus fáilteachas, cúram/cúram fadtéarmach) chun cláir printíseachta earnála a chur chun cinn agus a neartú.

Le teachtaireacht 2025 maidir le hAontas na Scileanna[4] agus Moladh 2026 ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach[5], cuirtear i dtábhacht go bhfuil córais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna atá nasctha go dlúth le riachtanais an mhargaidh saothair ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar mhímheaitseálacha scileanna. Tagraítear sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan 2025[6] don ghá atá ann aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna i bpríomhearnálacha chun tacú leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin. Is é is aidhm don straitéis Eorpach maidir le tógáil tithíochta faoin bPacáiste

[1] An Coimisiún Eorpach (2026) *Tuarascáil Bhliantúil 2026 maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas*. Ar fáil ag: https://single-market-economy.ec.europa.eu/publications/2026-annual-single-market-and-competitiveness-report_ga

[2] Táthairí agus gearrthóirí lasrach, gairmithe altranais, cócairí, leictreoirí tógála agus leictreoirí gaolmhara, pluiméirí agus feisteoirí píopaí, tiománaithe trucailí troma agus leoraithe troma, gaibhneoirí leatháin, socraitheoirí agus oibreoirí meaisín-uirlise miotalóireachta, búistéirí, ceannaithe éisc agus ullmhaitheoirí bia gaolmhara.

[3] An Coimisiún Eorpach (gan dáta) *Éiceachórais thionsclaíocha agus comhpháirtíochtaí tionsclaíocha*. An Comhshocrú um Scileanna. Ar fáil ag: https://pact-for-skills.ec.europa.eu/about/industrial-ecosystems-and-partnerships_ga

[4] An Coimisiún Eorpach (gan dáta) *Aontas na Scileanna*. Ar fáil ag: https://commission.europa.eu/topics/competitiveness/union-skills_ga

[5] Comhairle an Aontais Eorpaigh (2026) *Dul i ngleic leis an nganntanas scileanna: Moladh glactha ag an gComhairle maidir le caipiteal daonna*. Ar fáil ag: https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2026/03/09/tackling-the-skills-shortage-council-adopts-recommendation-on-human-capital/

[6] An Coimisiún Eorpach (gan dáta) *An Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan*. Ar fáil ag: https://commission.europa.eu/topics/competitiveness/clean-industrial-deal_ga

Tithíochta[7], faoina Gníomhaíocht 7, infhaighteacht lucht saothair oilte sa tógáil a mhéadú, lena n-áirítear trí thacú le comhpháirtíochtaí idir ollscoileanna, soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna, gnólachtaí, comhpháirtithe sóisialta agus institiúidí taighde fheidhmigh. Fógraíodh le teachtaireacht 2025 maidir le Bauhaus Eorpach Nua freisin tacaíocht do phrintíseachtaí agus don ghairmoiliúint atá spriocdhírithe ar dhaoine óga[8]. Cuirtear i dtábhacht freisin leis na pleananna gníomhaíochta maidir le mótarfheithiclí, cruach agus miotail, agus ceimiceáin a thábhachtaí atá scileanna agus an ghné shóisialta chun iomaíochas na n-earnálacha sin a áirithiú. Cuireann an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint freisin le cuspóirí an Ghnímh um an Tionscal Glan-nialasachta agus cuidíonn na hAcadaimh um an Tionscal Glan-nialasachta[9] leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint oiriúnú don nuálaíocht theicneolaíoch agus an t-iomaíochas a fheabhsú, lena n-áirítear trí chláir foghlama a fhorbairt a chomhdheartar leis an tionscal in earnálacha sonracha.

**Laistigh den chomhthéacs beartais sin, cuirtear i láthair leis an tuarascáil seo na hathchóirithe agus na bearta a chuir na Ballstáit chun feidhme tar éis ghlacadh Mholadh 2020 ón gComhairle maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint.** Níl sé d'aidhm ag an tuarascáil seo meastóireacht a dhéanamh ar bhearta nó athchóirithe ná a dtionchar a mheasúnú. Is é is cuspóir dó breithniú a dhéanamh ar bhearta ábhartha 5 bliana tar éis ghlacadh Mholadh 2020 ón gComhairle maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint, i gcomhréir le hAirteagal 36 de, lena gcuirfear le sonraí atá ar fáil ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach agus leis an bhfaireachán bliantúil a dhéanann an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop). Ó bhí 2020 ann, tá cleachtadh faireacháin comhtháite á dhéanamh ag Cedefop agus ag an bhForas Eorpach Oiliúna (ETF), mar a mhol an Coimisiún Eorpach agus mar a chomhaontaigh an Coiste Comhairleach um an nGairmoiliúint, chun tosaíochtaí Mholadh 2020 ón gComhairle maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint mar aon le Dearbhú Osnabrück a chumhdach. Cuireann an tuarascáil den chuid is mó leis an bhfaireachán sin agus le pleananna náisiúnta cur chun feidhme na mBallstát, a tarraingíodh suas tar éis ghlacadh Mholadh 2020 ón gComhairle maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint[10]. Go háirithe, in 2022 d'fhorbair na Ballstáit pleananna náisiúnta cur chun feidhme lena dtugtar tuairisc ar na gníomhaíochtaí a bheidh á gcur chun feidhme acu chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí an Aontais sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint sna blianta ina dhiaidh sin. Cuireann an tuairisciú den chuid is mó leis an mbreithniú a dhéantar ar na gníomhaíochtaí sin atá curtha chun feidhme ag na Ballstáit.

Chomhdhlúthaigh an Coimisiún Eorpach an tuarascáil agus cuireadh bonn eolais fúithi leis an iliomad malartuithe leis na Ballstáit sa Choiste Comhairleach um an nGairmoiliúint agus le fianaise staidrimh, go háirithe maidir le staid na himeartha i ndáil leis na trí sprioc

[7] An Coimisiún Eorpach (gan dáta) *An Plean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne*. Ar fáil ag: https://housing.ec.europa.eu/european-affordable-housing-plan_ga
[8] An Coimisiún Eorpach (gan dáta) *Bauhaus Eorpach Nua: Fís maidir le cur chun feidhme*. Ar fáil ag: https://new-european-bauhaus.europa.eu/new-european-bauhaus-vision-implementation_ga
[9] An Coimisiún Eorpach (gan dáta) *Éiceachórais thionsclaíocha: iomaíochas an Aontais a neartú trí chomhpháirtíochtaí*. Ar fáil ag: https://ec.europa.eu/newsroom/growth/items/823315/ga
[10] D'ullmhaigh Ballstáit uile an Aontais seachas an tSeicia agus Éire a bPlean Náisiúnta Cur Chun Feidhme, a foilsíodh ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

chainníochtúla a shocraítear i Moladh 2020 ón gComhairle maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint. Úsáideadh roinnt doiciméid bheartais agus staidéar freisin chun bonn eolais a chur faoin tuarascáil. Cumhdaítear leis an tuarascáil freisin gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais chun tacú le hiarrachtaí na mBallstát córais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna a nuachóiriú, lena n-áirítear sonraí maidir le cur chun feidhme beart agus athchóirithe a fhaigheann tacaíocht agus cistiú ón Aontas. Tá tuilleadh mionsonraí le fáil sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo.

**Is ionchur tábhachtach í an tuarascáil seo chun bonn eolais a chur faoin straitéis Eorpach um ghairmoideachas agus gairmoiliúint atá ar na bacáin, mar a fógraíodh sa teachtaireacht maidir le hAontas na Scileanna an 5 Márta 2025.** Le Dearbhú Herning a glacadh le déanaí maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint tharraingteach chuimsitheach le haghaidh iomaíochas méadaithe agus poist ardcháilíochta 2026-2030, agus leis an straitéis Eorpach um ghairmoideachas agus gairmoiliúint atá ar na bacáin, mar aon le Moladh 2020 ón gComhairle maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint atá ann cheana**,** cruthaítear an creat beartais Eorpach nua maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint sa tréimhse tar éis 2025.

## 2. Staid na himeartha maidir leis na trí sprioc chainníochtúla a bhaint amach

Chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn an chur chun feidhme, socraíodh le Moladh 2020 ón gComhairle maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint spriocanna cainníochtúla maidir le foghlaim obairbhunaithe a fháil, fostaíocht céimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna agus soghluaisteacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a shainítear mar mheánluachanna an Aontais atá le baint amach go comhchoiteann ag Ballstáit an Aontais faoi 2025.

Ar an meán san Aontas, de réir na sonraí is déanaí atá ar fáil:

1. le sciar na gcéimithe nua gairmoideachais agus gairmoiliúna idir 20 agus 34 bliana d'aois a thairbhigh den fhoghlaim obairbhunaithe a fháil, sroicheadh **66,0 % in 2025**[11] agus sáraíodh an **sprioc 60 %**;
2. le sciar na gcéimithe fostaithe ó ghairmoideachas agus gairmoiliúint idir 20 agus 34 bliana d'aois, sroicheadh **80,2 % in 2025**[12] agus tá sé gar don **spriocleibhéal 82 %**;
3. ba é **2,1 %** an spriocráta soghluaisteachta gairmoideachais agus gairmoiliúna in **2021**, rud a bhí i bhfad ón spriocluach **8 % a socraíodh le haghaidh 2025** i Moladh 2020 ón gComhairle maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint. Le Moladh 2024 ón gComhairle dar teideal 'An Eoraip ag Gluaiseacht', socraíodh sprioc nua 12 % a bheidh le sroicheadh faoi 2030 (lena n-áirítear tacar níos leithne eispéireas soghluaisteachta), agus ba é 5,3 % an meastachán is déanaí in 2023[13].

---


[11] Eurostat (Suirbhé an Aontais ar an bhFórsa Saothair). Céimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna a fuair foghlaim obairbhunaithe (tps00215)

[12] Eurostat (Suirbhé an Aontais ar an bhFórsa Saothair). Rátaí fostaíochta daoine óga nach bhfuil i mbun oideachais ná oiliúna de réir leibhéal gnóthachtála oideachais agus blianta ó cuireadh i gcrích an leibhéal oideachais is airde (edat_lfse_24)

[13] Ríomhanna an Choimisiúin Eorpaigh bunaithe ar shonraí ó Dheais Erasmus+. Dáta na hasbhainte: Mí an Mheithimh 2025.

**Tá éagsúlacht mhór idir leibhéal gnóthachtála na spriocanna agus an dul chun cinn le himeacht ama ó thír go tír.** Cé gur sroicheadh an sprioc don fhoghlaim obairbhunaithe ar leibhéal an Aontais, ar fud na hEorpa, léiríonn tíortha dul chun cinn éagsúil maidir le rannpháirtíocht san fhoghlaim obairbhunaithe a leathnú (Fíor 1). Cé go sáraíonn tíortha amhail an Ísiltír (95,4 %), an Fhrainc (93,2 %) agus an Ghearmáin (93,0 %) na spriocanna maidir leis an bhfoghlaim obairbhunaithe cheana féin, tá tíortha eile — amhail an Rómáin (9,1 %), an tSeicia (15,2 %) agus an Iodáil (22,0 %) — fós i bhfad faoi bhun an tagarmhairc.

**Fíor 1. Céimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna a fuair foghlaim obairbhunaithe, 2025**




Foinse: Eurostat (Suirbhé an Aontais ar an bhFórsa Saothair). Céimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna a fuair foghlaim obairbhunaithe (tps00215)


Tabhair faoi deara: Liostaítear na tíortha in ord íslitheach bunaithe ar shonraí 2025. Tá iontaofacht íseal i gcás na Gearmáine, na Spáinne, na Polainne, Mhálta, na hUngáire, Éireann agus na Cipire. Níl aon sonraí ann i gcás na Bulgáire, na Laitvia ná Lucsamburg.

**Tá dul chun cinn measctha déanta ag tíortha i dtreo an spriocráta fostaíochta do chéimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna (Fíor 2).** I gcás ina bhfuil dul chun cinn déanta, is é is cúis leis sin tosca amhail cláir ghairme a ailíniú níos fearr le riachtanais an mhargaidh saothair agus téarnamh an mhargaidh saothair le blianta beaga anuas a fhágann go bhfuil éileamh mór ar phróifílí gairme[14], mar aon le hathrú déimeagrafach. Tar éis méadú mór idir 2021 agus 2023 (ó 76,0 % go 80,9 %), tháinig laghdú beag agus cobhsú sna blianta ina dhiaidh sin, agus shroich sé 80,2 % in 2025. Tugtar le fios leis an bpatrún sin go raibh dúshláin shonracha roimh dhaoine óga, lena n-áirítear céimithe gairmoideachais agus

[14] An Coimisiún Eorpach (2025) *Faireachán ar oideachas agus oiliúint 2025: Tuarascáil chomparáideach*. Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh. Ar fáil ag: https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/30c1ccaa-bfdd-11f0-a612-01aa75ed71a1

gairmoiliúna, maidir le dul isteach sa mhargadh saothair ón oideachas i gcomhthéacs moilliú níos leithne ar fhás foriomlán na fostaíochta.


**Fíor 2. Rátaí fostaíochta céimithe nua gairmoideachais agus gairmoiliúna, 2025**




Foinse: Eurostat (Suirbhé an Aontais ar an bhFórsa Saothair). [Rátaí fostaíochta daoine óga nach bhfuil i mbun oideachais ná oiliúna de réir leibhéal gnóthachtála oideachais agus blianta ó cuireadh i gcrích an leibhéal oideachais is airde (edat_lfse_24)] Tabhair faoi deara: Gabhtar leis an táscaire rátaí fostaíochta daoine 20-34 bliana d'aois nach bhfuil i mbun oideachais ná oiliúna a thuilleadh, agus a bhain céim amach 1-3 bliana roimhe sin ó ghairmoideachas agus gairmoiliúint ar leibhéal meánscoile uachtaraí nó iar-mheánscoile neamhthreasaí. Taispeántar tíortha in ord íslitheach bunaithe ar luachanna 2024. Tá iontaofacht íseal sonraí i gcás Mhálta, na Bulgáire, na Slóivéine agus na Cipire. Níl aon sonraí ann i gcás Lucsamburg. Tá an sainmhíniú difriúil i gcás na Fraince agus na Spáinne.

**Is dúshlán fós é an sprioc soghluaisteachta gairmoideachais agus gairmoiliúna a bhaint amach, i dtéarmaí eispéiris soghluaisteachta do chéimithe meánleibhéil gairmoideachais agus gairmoiliúna.** Ba é 5,3 % agus 140 000 soghluaisteacht an ráta soghluaisteachta ar leibhéal an Aontais in 2023 (Fíor 3), méadú beag ar an mbliain roimhe sin nuair a bhí sé ag 5,0 % agus 134 000 soghluaisteacht. Mar sin féin, tá sé sin fós i bhfad ón luach 12 % a socraíodh le haghaidh 2030 i Moladh 2024 ón gComhairle 'An Eoraip ag Gluaiseacht'.

**Fíor 3 – an líon soghluaisteachtaí foghlaimeoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna a cuireadh i gcrích, 2023**




Foinse: Ríomhanna an Choimisiúin Eorpaigh bunaithe ar shonraí ó Dheais Erasmus+. Dáta na hasbhainte: Mí an Mheithimh 2025. Tabhair faoi deara: tagraítear leis na sonraí don líon foghlaimeoirí meánleibhéil gairmoideachais agus gairmoiliúna a bhfuil eispéiris soghluaisteachta thar lear acu a thosaigh sa tréimhse thagartha, a thuairiscítear i nDeais Erasmus+. Mar gheall ar an aistriú idir seanchláir agus cláir nua Erasmus+, níl meastacháin 2022 ná 2023 ar fáil ach ar leibhéal an Aontais agus áirítear leo réamh-mheastacháin atá bunaithe ar shonraí stairiúla; is sonraí sealadacha iad na sonraí le haghaidh 2023.

Is é is cúis leis sin go páirteach srianta buiséadacha ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta. Mar shampla, ní fhéadfadh an buiséad atá ar fáil faoi Erasmus+ ach 57 % den éileamh ar shoghluaisteacht foghlaimeoirí agus ball foirne a chumhdach in 2024, ar céatadán níos ísle é i gcomparáid leis na blianta roimhe sin, mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar an líon iarratas[15]. Leis an Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an moladh 'An Eoraip ag Gluaiseacht', cuireadh i dtábhacht freisin dúshláin shonracha a dhéanann difear don toilteanas dul thar lear, amhail aois óg foghlaimeoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna agus bacainní síceolaíocha a chuireann teorainn lena n-acmhainneacht am a chaitheamh thar lear. Tá baic struchtúracha atá nasctha le rialacháin náisiúnta agus le srianta riaracháin ag cur teorainn freisin le soghluaisteacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna. D'ainneoin na ndúshlán sin, leis an leibhéal éilimh atá ann faoi láthair, d'fhéadfaí bogadh go mór i dtreo na spriocanna soghluaisteachta gairmoideachais agus gairmoiliúna a bhaint amach cheana féin. Léiríonn roinnt Ballstát torthaí a bhfuil gealladh fúthu freisin. Mar shampla, in 2024, shroich an ráta soghluaisteachta foriomlán i measc foghlaimeoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna tosaigh idir 16 agus 25 bliana d'aois san Fhionlainn 9 % tar éis gníomhaíocht soghluaisteachta grúpa nua a sheoladh le haghaidh an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna faoin gclár Erasmus+[16].

[15] Sonraí ó Dheais Erasmus+ (Samhain 2025).

[16] Cedefop (2025) *An Fhionlainn: méadú ag teacht ar shoghluaisteacht foghlaimeoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna*. Ar fáil ag: [https://www.cedefop.europa.eu/en/news/finland-vet-learner-mobility-rise](https://www.cedefop.europa.eu/en/news/finland-vet-learner-mobility-rise)

## 3. Dul chun cinn na mBallstáit maidir leis an Moladh a chur chun feidhme

### 3.1 Dúshláin ghinearálta maidir le hathchóirithe sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint a chur chun feidhme

**Léirítear leis an anailís ar chur chun feidhme tosaíochtaí gairmoideachais agus gairmoiliúna ar fud Bhallstáit an Aontais roinnt bacainní trasearnálacha institiúideacha, airgeadais agus cultúrtha lena gcuirtear bac ar dhul chun cinn na gcóras gairmoideachais agus gairmoiliúna.** Le dúshláin thrasearnálacha áirithe, cuirtear cosc nó moill ar an bhfreagairt shofhreagrúil d'athruithe ar an margadh saothair. Is minic a scaiptear freagrachtaí maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint agus uas-sciliú agus athsciliú ar fud aireachtaí, institiúidí agus leibhéil rialachais éagsúla agus tá creataí agus gníomhaíochtaí comhordaithe láidre ag teastáil ina leith. Is minic nach mbíonn siad sin i bhfeidhm, agus fiú nuair a bhíonn, féadfaidh siad a bheith neamhéifeachtúil. Cé go bhfuil an leagan amach institiúideach beacht éagsúil de réir tíre, roinntear freagrachtaí as gairmoideachas agus gairmoiliúint idir na hAireachtaí Oideachais, na hAireachtaí Saothair/Fostaíochta/Gnóthaí Sóisialta agus Aireachtaí Geilleagair/Tionscail. In éineacht le próisis mhaorlathacha throma fhada agus cur i gcoinne an athraithe, is féidir le hobair ilroinnte neamhchomhordaithe moill a chur ar athchóirithe agus ar nuálaíocht agus teorainn a chur le freagairtí solúbtha do dhúshláin atá ag teacht chun cinn.

Is cuid thábhachtach de rialachas gairmoideachais agus gairmoiliúna í an fhaisnéis scileanna, ach níl ach cúpla tír ag infheistiú sa réimse sin, rud a chuireann bac ar sholúbthacht chun freagairt d'athrú mear ar an margadh saothair. Chun córais faisnéise scileanna a fhorbairt, lena n-áirítear freisin úsáid chórasach a bhaint as rianú céimithe le haghaidh beartais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna agus dearbhú cáilíochta, tá gá le hiarracht níos comhchruinnithe[17]. Cé gur oibrigh tíortha ar chreataí agus ar phróisis dearbhaithe cáilíochta a bhunú nó a fhorbairt i gcomhréir le prionsabail an Chreata Tagartha Eorpaigh um Dhearbhú Cáilíochta i nGairmoideachas agus Gairmoiliúint (EQAVET), tá dearbhú cáilíochta san fhoghlaim obairbhunaithe agus printíseachtaí sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint tosaigh fós ag céim na forbartha. Ina theannta sin, léirítear le taighde go bhfuil an éagothromaíocht idir dul chun cinn an tionscail agus dolúbthacht na gcuraclam atá ann cheana ina bacainn mhór ar scileanna digiteacha agus glasa a chomhtháthú sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint[18].

Bíonn srianta acmhainneachta leanúnacha agus athraitheacha ar chórais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna ina lucht saothair teagaisc agus oiliúna. Is é is cúis leis sin go páirteach pá níos ísle ghairm an mhúinteora agus an oiliúnóra gairmoideachais agus gairmoiliúna agus an

[17] Ní dhéanann ach BE-NL, CY, EE, FR, HR, HU, LV, MT, PL, RO, SI agus SK dul chun cinn a áireamh agus a thuairisciú maidir le bearta atá tiomnaithe do chórais faisnéise scileanna a fhorbairt, lena n-áirítear rianú céimithe ina bpleananna náisiúnta cur chun feidhme.

[18] Herrero, C., Arroyo Sagasta, A., Castaño Muñoz, J., Centeno, C., Coenen, J. *et al.* (2025) *Tacú le claochlú digiteach an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna*. Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh. Ar fáil ag: https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC141881

meas níos ísle a mheastar atá orthu[19] mar aon leis an mbrú a bhaineann le daonra teagaisc atá ag dul in aois[20]. De réir Cedefop, ní chreideann ach múinteoir gairmoideachais agus gairmoiliúna amháin as gach beirt go dtacaíonn a scoil leo páirt a ghlacadh san fhorbairt ghairmiúil leantach[21]. Leis an easpa tacaíochta sin, cuirtear cosc ar mhúinteoirí curaclaim nua a chur chun feidhme go héifeachtach, scileanna nua a theagasc amhail scileanna digiteacha nó glasa, agus oideolaíochtaí nuálacha a ghlacadh, lena n-áirítear iad siúd atá bunaithe ar ardteicneolaíochtaí, amhail an réaltacht fhíorúil nó an intleacht shaorga (IS).

Dúshlán eile is ea infhaighteacht agus inbhuanaitheacht acmhainní airgeadais. Go leor tionscnamh (amhail Ionaid Barr Feabhais Gairme) atá dírithe ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúint a nuachóiriú agus ar chineálacha cur chuige nuálacha a fhorbairt, braitheann siad go mór nó go hiomlán ar chistiú ón Aontas agus ní bhíonn soláthar fadtéarmach cistiúcháin acu nuair a thagann deireadh leis an gcistiú ón Aontas.

Sa tréimhse 2021-2027, tá buiséad táscach EUR 400 milliún á leithdháileadh ag clár Erasmus+ chun Ionaid Barr Feabhais Gairme a chruthú agus a fhorbairt – tionscnamh suaitheanta Eorpach chun córais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna a neartú agus a fhorbairt san Eoraip – rud a léiríonn tiomantas láidir do bharr feabhais gairmoiliúna ar fud na hEorpa.

Chomh maith le Erasmus+, meastar go leagfar amach EUR 62,2 billiún le linn na tréimhse 2021-2027, mar aon le cómhaoiniú náisiúnta ar fud Bhallstáit an Aontais, lena n-áirítear ranníocaíocht EUR 40,4 billiún ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), agus EUR 12,1 billiún ó CFRE (lena n-áirítear Interreg), lena n-áirítear EUR 8,6 billiún de ranníocaíochtaí ón Aontas chun infheistíochtaí, bonneagar agus athchóirithe a chistiú le haghaidh beartais oideachais, oiliúna agus scileanna, lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint.

Leis na steiréitíopaí agus an dearcadh leanúnach gur lú an meas atá ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúint sa tsochaí, leantar de theorainn a chur le tarraingteacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna agus leis an líon daoine atá cláraithe sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint. Chun an pointe sin a léiriú, léiríodh le hAthbhreithniú 2023 ECFE ar chórais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna go gcreideann 70 % de na hagallaithe, d'ainneoin thorthaí láidre na mac léinn gairmoideachais agus gairmoiliúna sa margadh saothair go ginearálta, nach mbaineann an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint ach le hobair láimhe, d'ainneoin éagsúlacht na bpost a eascraíonn as an ngairmoideachas agus as an ngairmoiliúint anois. Léirítear freisin le hEorabharaiméadar

[19] De réir staidéar píolótach Cedefop ar an suirbhé Eorpach ar mhúinteoirí gairme, ní bhraitheann ach thart ar 9 % de mhúinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna go bhfuil meas ar a ngairm. Léirítear freisin le taighde ó ECFE (2020) *Sracfhéachaint ar an Oideachas 2020: Táscairí ECFE* go dtuilleann múinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna beagnach 11 % níos lú ar an meán ná oibrithe eile a bhfuil oideachas treasach acu.

[20] Herrero, C., Arroyo Sagasta, A., Castaño Muñoz, J., Centeno, C., Coenen, J. *et al.* (2025) *Tacú le claochlú digiteach an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna*. Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh. Ar fáil ag: https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC141881

[21] Psifidou, I., Papazoglou, M. agus Pouliakas, K. (2025) An chéad suirbhé de chuid na hEorpa do mhúinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna: Éisteacht, foghlaim, gníomhú

Speisialta 569 maidir le tarraingteacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna (le teacht, foilsiú ar feitheamh), cé go molfadh 50 % de chónaitheoirí an Aontais an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint do dhuine óg sula dtéann siad isteach san oideachas meánscoile uachtaraí, d'aontaigh 75 % leis an ráiteas go bhfuil íomhá níos dearfaí ag an oideachas ginearálta ar leibhéal na meánscoile uachtaraí ina dtír féin ná mar atá ag an ngairmoideachas agus ag an ngairmoiliúint tosaigh. D'oibrigh roinnt tíortha chun comhionannas inscne a chur chun cinn, ach tá níos lú fianaise ann maidir le cuimsitheacht inscne agus cur i gcoinne steiréitíopaí inscne ó thaobh gairmeacha a roghnú, de réir a gcomhthéacsanna agus a riachtanas náisiúnta. Cuirtear bac ar rannpháirtíocht daoine fásta sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint leanúnach mar gheall ar steiréitíopaí atá cosúil leis na steiréitíopaí thuasluaite agus feasacht theoranta ar na deiseanna atá ar fáil.

An t-idirnáisiúnú agus an tsoghluaisteacht a d'fhéadfadh an nuálaíocht a chothú agus tarraingteacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a mhéadú, tá siad ag dul i méid go pointe áirithe[22] ach tá siad fós ilroinnte agus deiseanna soghluaisteachta tearcfhorbartha ann[23]. Léirítear le taighde go dtuairiscíonn céimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna a bhfuil taithí soghluaisteachta eachtraí acu go raibh na scileanna a sealbhaíodh thar lear úsáideach ina ngairmeacha gairmiúla, agus gur thacaigh siad le hinfhostaitheacht[24]. Ina theannta sin, de réir Cedefop, tá baint ag deiseanna idirnáisiúnta (lena n-áirítear soghluaisteacht) le tarraingteacht níos airde gairmoideachais agus gairmoiliúna[25]. Níl soghluaisteacht foirne gairmoideachais agus gairmoiliúna, amhail múinteoirí, oiliúnóirí agus gairmithe treoraíochta, chomh forbartha céanna le soghluaisteacht foghlaimeoirí. Cé go dtuairiscítear roinnt tionscnamh agus tionscadal, tá an t-idirnáisiúnú fós míchothrom agus leabaithe go lag i gcórais náisiúnta ghairmoideachais agus ghairmoiliúna, d'ainneoin a thábhachta straitéisí maidir le tarraingteacht agus barr feabhais mar a leagtar amach i Moladh 2020 ón gComhairle maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint.

### 3.2 Measúnú foriomlán ar dhul chun cinn agus réimsí tosaíochta don todhchaí

**Tá dul chun cinn suntasach déanta ag Ballstáit an Aontais i dtreo na dtosaíochtaí coiteanna a shocraítear le Moladh 2020 ón gComhairle maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint agus a deimhníodh i bpleananna náisiúnta cur chun feidhme**. D'ainneoin ról ríthábhachtach an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna maidir le haghaidh a thabhairt ar chuimsitheacht agus ar dhúshláin an mhargaidh saothair araon – lena n-áirítear ganntanais saothair agus scileanna, lucht saothair atá ag dul in aois, mar aon le haistriú cóir glas agus

---

[22] Ní thuairiscíonn ach AT, CY, DE, DK, EE, EL, HR, LV, PT agus PL bearta atá dírithe ar an idirnáisiúnú a mhéadú ina bpleananna náisiúnta cur chun feidhme.

[23] Ní thuairiscíonn ach AT, BE-NL, DE, DK, FR, HR, LT, LV, MT, NL agus PL bearta atá dírithe ar shoghluaisteacht foghlaimeoirí agus ball foirne a mhéadú ina bpleananna náisiúnta cur chun feidhme.

[24] Fassl, A., Kirsch, M., Pachocki, M. agus Zabko, O. (2020) *Céimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna a bhfuil taithí soghluaisteachta eachtraí acu a rianú*. Vársá: An Fhondúireacht um Fhorbairt an Chórais Oideachais (FRSE). Ar fáil ag: https://erasmusplusresearch.eu/research/tracing-vet-graduates-foreign-mobility-experience

[25] Cedefop (gan dáta) *Méadaítear tarraingteacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna le hionchais soghluaisteachta gairmoideachais agus gairmoiliúna*. Ar fáil ag: https://www.cedefop.europa.eu/en/tools/vet-toolkit-tackling-early-leaving/resources/vet-toolkit-upskilling-pathways/best-practices/vet-mobility-prospects

digiteach a áirithiú – tá roinnt dúshlán fós ann. Leis sin, leantar de dhochar a dhéanamh d'acmhainneacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna maidir le fás agus iomaíochas cuimsitheach agus inbhuanaithe a spreagadh. Saincheist phráinneach eile a chuireann teorainn le rannchuidiú an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna leis an bhfás eacnamaíoch is ea na bearnaí leanúnacha i rochtain agus i dtorthaí an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna – bíodh sin maidir le cuimsitheacht inscne a áirithiú, tacú go héifeachtach le grúpaí leochaileacha nó foghlaim ar feadh an tsaoil a leathnú.

**Tá iarrachtaí láidre déanta ag na Ballstáit córais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna a dhéanamh solúbtha agus athléimneach chun oiriúnú d'athruithe meara ar an margadh saothair (Tosaíocht 1), ach tá roinnt dúshlán fós ann.** Tá dul chun cinn déanta go príomha trí chaighdeáin, curaclaim agus cláir ghairmoideachais agus ghairmoiliúna a nuachóiriú chun meascán cothrom de scileanna gairme agus de phríomhinniúlachtaí a ionchorprú, agus béim ar leith á leagan ar scileanna digiteacha a chomhtháthú go córasach. Tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun cláir agus curaclaim ghairmoideachais agus ghairmoiliúna a ailíniú go hiomlán le riachtanais an mhargaidh saothair, go háirithe i bhfianaise meigithreochtaí amhail digitiú agus uathoibriú méadaitheach, mar aon leis an aistriú chuig geilleagar glan-nialasach. Leanfaidh na hiarrachtaí de bheith tábhachtach, go háirithe i gcomhthéacs digitiú méadaitheach agus úsáid fhorleathan IS. Le hanailís a rinne Cedefop le déanaí ar fhógraí poist ar líne ar fud Bhallstáit an Aontais, tugtar le fios go bhfuil fás tagtha ar an líon gairmeacha a bhraitheann ar láithreacht fhisiciúil, ar shaineolas láimhe agus ar scileanna teicniúla feidhmeacha amhail teicneoirí innealtóireachta, meicneoirí innealra, ceirdeanna tógála agus oibrithe iompair[26]. Léiríonn sé sin, cé go bhfuil sé tábhachtach scileanna litearthachta digití agus IS a fháil chun coimeád suas le hathrú ar an margadh saothair, go bhfuil éileamh fós ar ghairmeacha áirithe a bhaineann leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint fiú agus méadú tagtha ar ghlacadh IS.

Tá tíortha ar fud an Aontais ag neartú a n-iarrachtaí chun a áirithiú go sealbhaíonn foghlaimeoirí bunscileanna láidre ar fud an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna. Mar sin féin, tá an cur chun feidhme fós míchothrom, agus téann go leor foghlaimeoirí isteach sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint agus fágann siad iad gan inniúlacht leormhaith i scileanna litearthachta, uimhearthachta, eolaíochta, digiteacha agus saoránachta, lena n-áirítear litearthacht meán agus faisnéise atá fíor-riachtanach d'infhostaitheacht agus do rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí araon. An tráth céanna, le ganntanais múinteoirí agus oiliúnóirí cáilithe gairmoideachais agus gairmoiliúna, go háirithe iad siúd atá in ann bunscileanna a chomhtháthú sa ghairmfhoghlaim, cuirtear srian le soláthar éifeachtach. Tugtar le fios le fianaise ó PISA freisin go dtéann go leor foghlaimeoirí isteach sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint agus bunscileanna níos laige acu i gcomparáid le piaraí sa mheánoideachas ginearálta[27]. I measc tíortha inar féidir comparáidí a dhéanamh, is minic a

---

[26] Cedefop (2026) *Giar cúlaithe: an chaoi a bhfuil IS ag tabhairt gairmeacha gairme ar ais*. Ar fáil ag: https://www.cedefop.europa.eu/en/news/reverse-gear-how-ai-bringing-vocational-occupations-back

[27] ECFE (2023) *Sracfhéachaint ar an Oideachas 2023: Táscairí ECFE*. Páras: Foilsitheoireacht ECFE. Ar fáil ag: https://www.oecd.org/education/education-at-a-glance/

fheidhmíonn mic léinn i gcláir ghairme go substaintiúil faoi bhun a bpiaraí i gcláir oideachais ghinearálta, uaireanta mar gheall ar chúiseanna amhail rianú luath.

Thairis sin, tá an dul chun cinn fós míchothrom maidir le scileanna eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM) a sholáthar. Sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint mheánleibhéil, níl ach 36,3 % de na mic léinn uile ar fud an Aontais cláraithe i gcláir ETIM, rud atá 8,7 pointe céatadáin faoi bhun na sprice atá beartaithe ar leibhéal an Aontais le haghaidh 2030 de 45 % ar a laghad. Laistigh de réimsí ETIM, tá formhór na mac léinn gairmoideachais agus gairmoiliúna comhchruinnithe san innealtóireacht, sa mhonaraíocht agus sa tógáil. Sciar mór de chlárú ETIM is ea teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC) i dtíortha amhail an Phortaingéil, Málta, an Pholainn agus an Iodáil. Os a choinne sin, mealltar cion an-bheag mac léinn gairmoideachais agus gairmoiliúna ar fud an Aontais leis na réimsí eolaíochtaí nádúrtha, matamaitice agus staidrimh.

D'ainneoin leathnú deiseanna foghlama obairbhunaithe agus printíseachta, tuairiscíonn roinnt tíortha laghdú nó líon teoranta printíseach[28], i gcodarsnacht leis na tréimhsí roimhe sin inarbh é an ganntanas áiteanna a bhí ar fáil an phríomh-shaincheist. Tá dul chun cinn déanta maidir le printíseachtaí a leathnú chun daoine fásta agus an t-ardoideachas a chumhdach, ach tá an glacadh fós teoranta. Tá an fhoghlaim obairbhunaithe sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint níos forleithne freisin i réimsí áirithe staidéir (go háirithe an tsláinte agus an talmhaíocht) ná mar atá i réimsí eile[29]. D'fhéadfaí aghaidh níos fearr a thabhairt le beartais ar mhíchothromaíochtaí agus ar mhímheaitseálacha an éilimh agus an tsoláthair maidir le socrúcháin oibre, agus infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt ghairmiúil oiliúnóirí ar an láthair oibre san oideolaíocht agus i dtacaíocht d'fhoghlaimeoirí ó ghrúpaí leochaileacha. Réimse eile a d'fhéadfaí a fhorbairt a thuilleadh is ea an comhar idir gairmoideachas agus gairmoiliúint agus an tionscal. Leis sin, d'fhéadfaí cuidiú le glacadh printíseachtaí a mhéadú agus leis an ailíniú idir soláthar an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna agus na scileanna is gá sa mhargadh saothair a mhéadú.

**Léirigh tíortha a dtiomantas do dheiseanna solúbthachta agus dul chun cinn laistigh de ghairmoideachas agus gairmoiliúint a fheabhsú (Tosaíocht 2) agus do dheiseanna uas-scilithe agus athscilithe a mhéadú, ach tá go leor tionscnamh fós ag céim thaiscéalaíoch.** Tá an tsolúbthacht sin á cur chun cinn trí chineálacha cur chuige atá bunaithe ar thorthaí foghlama a ghlacadh, curaclaim agus cláir a mhodúlú, micridhintiúir agus cáilíochtaí páirteacha a bhunú, agus deiseanna a mhéadú chun torthaí foghlama a fhaightear lasmuigh de chórais fhoirmiúla a bhailíochtú agus a aithint. Tá na modhanna foghlama á n-éagsúlú ag tíortha tríd an mbonneagar don fhoghlaim dhigiteach agus chumaisc a neartú

[28] Tuairiscíonn tíortha amhail DE, FR, IT agus AT meath nó glacadh teoranta áiteanna printíseachta i roinnt earnálacha. Tá EL, HU, CZ agus RO i measc na dtíortha freisin ina bhfuil glacadh mall le foghlaim obairbhunaithe, lena n-áirítear printíseachtaí.

[29] An Coimisiún Eorpach (2025) *Faireachán ar oideachas agus oiliúint 2025: Tuarascáil chomparáideach*. Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh. Ar fáil ag: https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/30c1ccaa-bfdd-11f0-a612-01aa75ed71a1

agus trí theicneolaíochtaí oideachais úrscothacha amhail an réaltacht fhíorúil agus IS a fhiosrú. Le comhtháthú den sórt sin na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, féadfar an bhearna idir soláthar oiliúna agus an margadh saothair atá ag teacht chun cinn a mhaolú go héifeachtach, ach tá teorainneacha ann amhail coimeád suas le luas tapa na héabhlóide teicneolaíche sa tionscal agus leis an infheistíocht is gá le haghaidh trealaimh, i measc nithe eile[30]. Tá bearta maidir le micridhintiúir agus úsáid ardteicneolaíochtaí fós ag céim luath agus níl a n-acmhainneacht iomlán bainte amach acu go fóill sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint. Thairbheodh na tíortha nach bhfuil dul chun cinn déanta acu sna réimsí sin go fóill de dhlús a chur le forbairtí rialála, d’ardáin dhigiteacha lena soláthraítear ábhar oiliúna agus acmhainní idirghníomhacha a phíolótú agus d’aitheantas frithpháirteach micridhintiúr a chur chun cinn ar fud an Aontais[31].

Is é is aidhm d’uirlisí trédhearcachta Eorpacha tuiscint níos fearr a thabhairt d’fhostóirí agus do pháirtithe leasmhara eile ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúint. I measc phríomhchonclúidí mheastóireacht EQF in 2024 bhí an chonclúid gur pointe tagartha seanbhunaithe é EQF a nglactar leis go forleathan i measc institiúidí a oibríonn le cáilíochtaí[32]. Is príomhuirlisí iad EQF agus Creataí Náisiúnta gaolmhara um Cháilíochtaí chun cáilíochtaí gairmoideachais agus gairmoiliúna a dhéanamh níos trédhearcaí laistigh de theorainneacha agus thar theorainneacha i dtaca lena leibhéal agus lena n-ábhar. Cuidíonn Europass, uirlis de chuid an Aontais le haghaidh bainistiú gairme agus foghlaim ar feadh an tsaoil, le foghlaimeoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna cumarsáid a dhéanamh faoina gcáilíochtaí agus faoina scileanna, lena n-áirítear i gcomhthéacs soghluaisteachta lucht saothair. Mar sin féin, tá cur chun feidhme míchothrom na n-ionstraimí sin ag cur bac ar thrédhearcacht cáilíochtaí agus scileanna agus ar an tuiscint orthu sin ar fud an Aontais. Áirítear leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó mheastóireacht Europass 2024 go bhféadfaí an anailís sonraí agus IS in Europass a fhorbairt a thuilleadh, rud a rannchuideodh le dul i ngleic le ganntanais scileanna agus saothair, lena ndéantar difear ar leith do ghairmeacha gairmoideachais agus gairmoiliúna[33].

[30] Herrero, C., Arroyo Sagasta, A., Castaño Muñoz, J., Centeno, C., Coenen, J. *et al.* (2025) *Tacú le claochlú digiteach an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna*. Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh. Ar fáil ag: https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC141881

[31] Ní thuairiscíonn ach BE-NL, DE, FI, HR, HU, LV, MT, NL, PL, PT agus SK dul chun cinn maidir le bearta ina bpleananna náisiúnta cur chun feidhme atá tiomnaithe do mhicridhintiúir agus cáilíochtaí páirteacha a chur chun cinn, agus ní thuairiscíonn ach AT, BE-FR, BE-NL, BG, CY, DE, DK, ES, HU, LU, NL, PL agus PT dul chun cinn maidir le hardáin dhigiteacha agus acmhainní foghlama a fhorbairt.

[32] An Coimisiún Eorpach (2024) *Meastóireachtaí ar Europass agus ar an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí foilsithe ag an gCoimisiún*. Ar fáil ag: https://employment-social-affairs.ec.europa.eu/news/european-commission-publishes-evaluations-europass-and-european-qualifications-framework-2024-03-27_ga

[33] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme agus tionchar Chinneadh (AE) 2018/646 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Aibreán 2018 maidir le creat coiteann le haghaidh soláthar seirbhísí níos fearr do scileanna agus do cháilíochtaí (Europass); Ar fáil ag: EUR-Lex - 52024DC0135 - GA - EUR-Lex.

Tá rátaí rannpháirtíochta daoine fásta san oiliúint fós íseal in go leor tíortha[34]. Cé go bhfuil na Ballstáit ag díriú níos mó ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, ní raibh an ráta rannpháirtíochta ach ag 39,5 % in 2022 de réir an tSuirbhé ar an Oideachas Aosach agus bhí inathraitheacht ard ann idir tíortha. Tá sé sin faoi bhun na sprice 60 % ar a laghad ar leibhéal an Aontais[35] faoi 2030. Tá sé tábhachtach go dtabharfaí aghaidh leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint leanúnach ar riachtanais foghlama agus forbartha na ndaoine fásta uile. Ina theannta sin, trí threoraíocht ar feadh an tsaoil a chur chun feidhme a thuilleadh, trí réamhfhoghlaim, micridhintiúir agus cáilíochtaí páirteacha a bhailíochtú, agus trí dhreasachtaí dea-cheaptha do dhaoine aonair agus d'fhostóirí araon, d'fhéadfaí rannpháirtíocht agus tacaíocht foghlaimeoirí a neartú. Tá sé ríthábhachtach freisin faireachán a dhéanamh ar rannpháirtíocht agus sineirgí agus comhordú a áirithiú idir soláthraithe éagsúla.

**Tugadh faoi deara go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta maidir leis an nuálaíocht agus an fás a chur chun cinn agus foghlaimeoirí a ullmhú don aistriú digiteach agus don aistriú glas (Tosaíocht 3).** Tá bonneagar gairmoideachais agus gairmoiliúna á nuachóiriú ag roinnt tíortha trí infheistíocht a dhéanamh in ardáin dhigiteacha le haghaidh oiliúna agus foghlama agus i saoráidí fisiciúla araon[36], agus iad á n-ailíniú le riachtanais an tionscail atá ann faoi láthair. Áirítear leis sin infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar TFC agus i dtrealamh nua-aimseartha, mar aon le hardteicneolaíochtaí a chomhtháthú sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint. Tá tacaíocht d'ionaid barr feabhais gairme teoranta i gcónaí ach tá sí ag leathnú trí ionaid nua a bhunú nó trí ionaid atá ann cheana a fhorbairt, go minic trí thacaíocht agus cistiú ón Aontas.

Léirítear le tuarascáil anailíseach a rinneadh le déanaí ar rogha tionscadal ionaid barr feabhais gairme Erasmus+, go bhféadfaidh siad sin gníomhú mar chumasóirí struchtúracha don chlaochlú sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, e.g. tríd an nuálaíocht sa teagasc agus san fhoghlaim, trí ghairmoideachas agus gairmoiliúint a ailíniú le riachtanais an mhargaidh saothair agus le riachtanais scileanna, agus trí chomhar neartaithe idir na príomhpháirtithe leasmhara. Chun an tionscnamh agus a thionchar a fhorbairt a thuilleadh, cuirtear i láthair leis an tuarascáil roinnt moltaí maidir le rannpháirtíocht na n-údarás poiblí agus rannpháirtíocht níos mó foghlaimeoirí agus oibrithe, mar aon le cistiú a éagsúlú, naisc le tionscnaimh agus comhlachtaí eile amhail an Comhshocrú um Scileanna agus an Coiste Comhairleach um an nGairmoiliúint a dhéanamh níos doichte, nuálaíocht oideolaíoch a scálú, agus scileanna digiteacha agus glasa a chomhtháthú go cothrom ar fud earnálacha uile an gheilleagair.

**Tá bearta curtha chun feidhme ag na Ballstáit chun a áirithiú gur rogha tharraingteach é gairmoideachas agus gairmoiliúint atá bunaithe ar sholáthar nua-aimseartha agus digitithe scileanna (Tosaíocht 4).** Mar sin féin, d'ainneoin iarrachtaí agus gníomhaíochtaí

[34] De réir na sonraí is déanaí atá ar fáil ón Suirbhé ar an Oideachas Aosach (2022), tá BG, EL, RO, PL, CZ, HR, SI, LT, CY, IT, PT, LV, ES, BE, MT, ET agus LU fós faoi bhun sprioc 2025 ar leibhéal an Aontais gur ghlac 47 % de dhaoine fásta idir 25-64 bliana d'aois páirt san fhoghlaim le 12 mhí anuas.

[35] Sprioc de thionscnamh Chonclúidí 2021 ón gComhairle maidir le clár oibre Eorpach nua don fhoghlaim aosach 2021-2030. Féach freisin an Plean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

[36] Tuairiscíonn AT, BE-NL, BG, CY, DE, DK, EL, HU, LT, LV, PL, PT agus SI dul chun cinn maidir le bearta atá dírithe ar bhonneagar a nuachóiriú ina bpleananna náisiúnta cur chun feidhme.

spriocdhírithe ar fud na dtíortha, tá stádas níos ísle an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a mheastar a bheith ann i gcomparáid leis an oideachas ginearálta agus acadúil fós ina phríomhchonstaic ar rannpháirtíocht mhéadaithe sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint tosaigh agus leanúnach araon. D'fhéadfadh tacaíocht don nuálaíocht agus don idirnáisiúnú a bheith ina phríomhspreagadh chun tarraingteacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a mhéadú. Is féidir tacú a thuilleadh freisin le híomhá dhearfach an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a neartú – agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar tharraingteacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna – trí na tairbhí a bhaineann leo agus ionchais fostaíochta a gcéimithe a chur chun cinn ar bhealach spriocdhírithe. D'fhéadfaí a áireamh leis sin feachtais feasachta, rannpháirtíocht i gcomórtais scileanna idirnáisiúnta, treoraíocht ar feadh an tsaoil agus deiseanna soghluaisteachta.

Tá obair déanta ag tíortha chun tacú le múinteoirí agus oiliúnóirí gairmoideachais agus gairmoiliúna, ach leantar de chórais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna a chur faoi bhrú le tarraingteacht íseal na gairme. Áirítear leis na bearta a rinne na Ballstáit cláir ghairmoideachais agus ghairmoiliúna a leathnú chun leibhéil cháilíochta níos airde (EQF 5-8) a chumhdach, feabhas a chur ar an tréscaoilteacht idir an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint agus an t-ardoideachas, agus infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt ghairmiúil leantach (CPD) múinteoirí agus oiliúnóirí gairmoideachais agus gairmoiliúna. Leis an bhfianaise atá ar fáil, áfach, tugtar le fios go bhfuil easpa cineálacha cur chuige sistéamacha ann chun riachtanais chasta foghlama múinteoirí agus oiliúnóirí a chumhdach; áirítear leis sin faireachán córasach a dhéanamh ar a bhforbairt ghairmiúil i dtéarmaí ábhair agus tionchair ar chleachtais teagaisc.

Chun scileanna agus inniúlacht múinteoirí agus oiliúnóirí a mhéadú, bheadh gá le forbairt ghairmiúil leantach shistéamach ilghnéitheach, rud a bhíonn míchothrom go minic agus nach gcumhdaíonn gach réimse. Chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais múinteoirí agus chun feabhas a chur ar íomhá na gairme, d'fhéadfadh tíortha oibriú ar chonairí iontrála sa teagasc a shimpliú, bailíochtú agus aithint cáilíochtaí a éascú, feabhas a chur ar dhálaí oibre agus tuarastail a choigeartú, doirse imrothlacha a fhiosrú idir fostaíocht ghairmiúil agus teagasc, lena n-áirítear na samhlacha 'múinteoirí cumaisc' nár bhfiosraíodh go forleathan go dtí seo, agus deiseanna forbartha gairmiúla éagsúla agus leordhóthanacha a sholáthar, lena n-áirítear intéirneachtaí i gcuideachtaí agus eispéiris idirnáisiúnta a fháil trí shoghluaisteacht foirne. Iarrtar le Dearbhú Herning freisin go dtabharfaí aird ar fholláine mheabhrach an mhúinteora agus an oiliúnóra, réimse nach ndearnadh fiosrú leordhóthanach air.

**Cé go meastar go bhfuil an dul chun cinn maidir le comhionannas deiseanna agus córais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna atá cuimsitheach ó thaobh inscne de a chur chun cinn measartha (Tosaíocht 5), tá bearta spriocdhírithe á gcur chun feidhme ag tíortha do ghrúpaí leochaileacha.** Tacaíonn Erasmus+ le forbairt scileanna inaistrithe, amhail scileanna cumarsáide, inoiriúnaitheachta agus idirchultúrtha trí shoghluaisteacht foghlaimeoirí agus ball foirne gairmoideachais agus gairmoiliúna, comhpháirtíochtaí comhair agus gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta. Idir an dá linn, tá níos lú fianaise ann go bhfuil dul chun cinn déanta maidir le cuimsitheacht inscne agus maidir le cur i gcoinne steiréitíopaí inscne ó thaobh gairmeacha a roghnú. Tá iarmhairtí móra ar an margadh saothair ag an easpa

cothromaíocht inscne agus ag tearcionadaíocht na mban i réimsí ETIM agus sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, amhail ganntanais leanúnacha scileanna, táirgiúlacht eacnamaíoch theoranta agus neamhionannais struchtúracha san fhostaíocht agus sa phá a threisiú. Tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar an gcuimsiú sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint chun a áirithiú gur féidir le grúpaí leochaileacha (e.g. daoine dífhostaithe go fadtéarmach, daoine faoi mhíchumas, daoine óga nach bhfuil i mbun oideachais ná oiliúna) oiliúint ábhartha leormhaith a chur i gcrích ionas go mbeidh siad in ann dul isteach sa mhargadh saothair agus, ar an gcaoi sin, rátaí fostaíochta agus táirgiúlacht fhoriomlán a mhéadú, mar aon le rátaí bochtaineachta a laghdú. Chun an cuimsiú a áirithiú, ní mór do chórais éifeachtacha ghairmoideachais agus ghairmoiliúna tacaíocht spriocdhírithe a sholáthar bunaithe ar riachtanais an fhoghlaimeora, naisc le poist chobhsaí ardcháilíochta a neartú agus deiseanna le haghaidh foghlaim chuimsitheach obairbhunaithe a leathnú.

**Tá roinnt dul chun cinn déanta freisin ag tíortha a dhíríonn ar dhearbhú cáilíochta sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint (Tosaíocht 6)**. D'oibrigh thart ar leath de na tíortha ar straitéisí nua chun córais náisiúnta dearbhaithe cáilíochta a ailíniú le tosaíochtaí EQAVET, féinmheasúnú ag soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna a neartú (e.g. próisis meastóireachta inmheánaí, feabhas leanúnach agus lúba aiseolais), agus feabhas a chur ar rannpháirtíocht páirtithe leasmhara sa rialachas. Tá leanúnachas agus infheistíochtaí méadaithe ríthábhachtach chun na cuspóirí faoin tosaíocht seo a bhaint amach agus chun leas iomlán a bhaint as a n-acmhainneacht d'fhoghlaimeoirí agus do chórais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna.

**Tá ról lárnach ag comhpháirtíochtaí sóisialta i rialachas agus i gcur chun feidhme beartas gairmoideachais agus gairmoiliúna, agus rannchuidíonn siad le forbairt beartais, dearadh curaclaim, dearbhú cáilíochta, cinntí cistiúcháin agus gairmthreoir.** Tá deis ann a ról a leathnú a thuilleadh, agus lánurraim á tabhairt do neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, i gcur chun feidhme na mbeart. Is amhlaidh atá go háirithe maidir le faisnéis scileanna agus riachtanais scileanna a shainaithint, printíseachtaí agus deiseanna fostaíochta a sholáthar do ghrúpaí leochaileacha, athsciliú agus uas-sciliú, mar aon le foghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a aithint agus a bhailíochtú.

## 4. Conclúid

Leis an tuairisciú ar chur chun feidhme Mholadh 2020 ón gComhairle maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint ó Bhallstát go chéile, tugtar léargas measctha ar dhul chun cinn agus ar dhúshláin leanúnacha, agus an acmhainneacht a bhaineann leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint, ach roinnt laigí freisin, á gcur i dtábhacht maidir le forbairt chuimsitheach inbhuanaithe a chur chun cinn atá ailínithe go dlúth le riachtanais an mhargaidh saothair. Cé go bhfuil athchóirithe tábhachtacha seolta ag go leor Ballstát, agus tacaíocht agus deiseanna cistiúcháin an Aontais á ngiaráil go minic acu, tá luas an nuachóirithe agus an dul chun cinn míchothrom. Tá bearnaí fós ann sa digitiú, lena n-áirítear comhtháthú teicneolaíochtaí amhail IS, faisnéis scileanna, foghlaim obairbhunaithe/printíseachtaí, acmhainneacht múinteoirí agus oiliúnóirí gairmoideachais agus gairmoiliúna, agus braistint shochaíoch atá íseal i gcónaí agus tarraingteacht an

ghairmoideachais agus na gairmoiliúna as a n-eascraíonn mímheaitseálacha scileanna. Chun an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainneacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna chun tacú le hiomaíochas an Aontais, ní mór barr feabhais an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna agus comhpháirtíochtaí neartaithe le gnólachtaí agus le comhpháirtithe sóisialta a chur chun cinn. Ba cheart deiseanna soghluaisteachta d'fhoghlaimeoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna agus idirnáisiúnú a neartú freisin. Réimse eile ar gá aird bhreise a thabhairt air is ea bunscileanna agus inniúlacht saoránachta a sholáthar mar aon le hinniúlachtaí ETIM, atá ríthábhachtach chun infhostaitheacht céimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna a chothú[37] agus chun ailíniú le riachtanais an mhargaidh saothair a áirithiú. Leis an Straitéis Eorpach um ghairmoideachas agus gairmoiliúint atá ar na bacáin, réiteofar an bealach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin uile.

[37] Cónaidhm Chomhlachais Fostóirí na Gearmáine (BDA) (2025) *Für unsere Demokratie – Demokratiebildung entlang der Bildungskette*. Ar fáil ag: https://www.arbeitgeber.de